



An Bhruiséil, 22 Eanáir 2024
(OR. en)

5311/24

COHOM 4
COPS 6
CONUN 8
COASI 5
MAMA 9
COEST 26
COAFR 12
DEVGEN 5
CFSP/PESC 46

TORADH NA nIMEACHTAÍ

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
An:	22 Eanáir 2024
chuig:	na toscaireachtaí
Uimh. an doic. roimhe seo:	ST 5220 2023 INIT
Ábhar:	Conclúidí ón gComhairle i ndáil le Tosaíochtaí an Aontais Eorpaigh i bhFóiraim na Náisiún Aontaithe maidir le Cearta an Duine in 2024

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo na Conclúidí ón gComhairle i ndáil le Tosaíochtaí an Aontais Eorpaigh i bhFóiraim na Náisiún Aontaithe maidir le Cearta an Duine in 2024, a d'fhorghas an Chomhairle ag an 4001ú cruinniú dá cuid a bhí ar siúl an 22 Eanáir 2024.

**Conclúidí ón gComhairle i ndáil le Tosaíochtaí an Aontais Eorpaigh i bhFórait
na Náisiún Aontaithe maidir le Cearta an Duine in 2024**

1. **Is cearta uilíocha, dodhealaithe, idirspleácha agus idirghaolmhara iad cearta an duine, bídís sibhialta, cultúrtha, eacnamaíoch, polaitiúil nó sóisialta.** Leanann an tAontas dá thiomantas do chearta an duine sa saol corrach atá ann faoi láthair, ina bhfuil coinbhleachtaí armtha, an t-údarásaíochas agus an bhréagaisnéis ag dul i méad agus ina bhfuil an comhionannais inscne á bhrú siar.
2. I mbliain **Chruinniú Mullaigh na Todhchaí**, athdhearbhóidh an tAontas a thiomantas don iltaobhachas éifeachtach, trí chóras na Náisiún Aontaithe um chearta an duine a neartú a thuilleadh, lena n-áirítear Oifig an Ard-Choimisinéara um Chearta an Duine (OHCHR). Iarrann an tAontas ar na stáit uile neamhspleáchas OHCHR a urramú agus comhoibriú go hiomlán leis an Ard-Choimisinéir agus lena Oifig, agus maoiniú leordhóthanach na hoifige á áirithiú. Ba cheart cearta an duine agus an comhionannas inscne a phríomhshruthú ar fud an Chomhshocraithe don Todhchaí, ar cheart dó tógáil ar an nasc idir cearta an duine, an tsíocháin agus an tslándáil agus an fhorbairt inbhuanaithe. Is ríthábhachtach i gcónaí, ionas nach bhfágfar aon duine ar lár, cearta an duine a chomhtháthú sa Chomhshocrú don Todhchaí agus sna hullmhúcháin do Chruinniú Mullaigh na Todhchaí, agus sa phróiseas comhlántach ina gcuirtear na **Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe** chun feidhme.

3. Leanfaidh an tAontas de bheith ag obair chun urraim, cosaint agus comhlíonadh chearta an duine a neartú agus leanfaidh sé air ag comhoibriú le gach réigiún ar fud an domhain, le gach eagraíocht agus leis na geallsealbhóirí ábhartha uile chun na spriocanna sin a bhaint amach. Leanfaidh sé de bheith ag iarraidh ar na stáit uile lántacaíocht a thabhairt do **chóras na Náisiún Aontaithe um chearta an duine**, lena n-áirítear an Chomhairle um Chearta an Duine agus a sásraí, mar shampla na Nósanna Imeachta Speisialta agus an tAthbhreithniú Tréimhsiúil Uilechoiteann, comhlachtaí imscrúdaithe arna sainordú ag na Náisiúin Aontaithe agus na Comhlachtaí Conartha na Náisiún Aontaithe. Ina theannta sin, leanfaidh an tAontas d'iarraidh ar na stáit uile an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine a urramú agus rochtain neamhchoinníollach gan bhac a thabhairt do na Náisiúin Aontaithe agus do shásraí faireacháin chearta an duine ar a gcríocha.
4. Athdhearbhaíonn an tAontas a thiomantas daingean na cearta eacnamaíocha, sóisialta agus cultúrtha uile a urramú, a chosaint, a chomhlíonadh agus a chur chun cinn, lena n-áirítear an ceart oideachas, bia, sláinte, slándáil sóisialta, tithíocht leormhaith agus obair chuibhiúil a fháil, agus tacú le tionscnaimh ábhartha i ndáil leis an méid sin. Leanfaidh sé de bheith ag tacú le rochtain uilíoch ar uisce óil, sláintíocht agus sláinteachas atá sábháilte, leordhóthanach inacmhainne, agus cuirfidh sé béim ar ghné chearta an duine sna réimsí sin. Glacfaidh sé páirt ghníomhach sa phlé maidir le ceart an duine timpeallacht ghlan, shláintiúil agus inbhuanaithe a bheith acu. Leanfaidh sé den cheart chun oideachais a chur chun cinn, an trasnú leis an gclár oibre digiteach, cuimsiú sóisialta agus digiteach, comhionannas inscne agus cumhachtú gach mná agus gach cailín, agus neamh-idirdhealú. Leanfaidh an tAontas de chearta cultúrtha agus cosaint na hoidhreacht cultúrtha a chur chun cinn.

5. Oibreoidh an tAontas chun sáruithe agus mí-úsáidí chearta an duine a chosc agus chun deireadh a chur leo, lena n-áirítear trí thacú le tionscnaimh ábhartha an Triú Coiste de Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe agus den Chomhairle um Chearta an Duine. Leanfaidh sé d'aghaidh a thabhairt ar **chuntasacht** as sáruithe ceart daonna pé áit a dtarlaíonn siad. Tá rún daingean ag an Aontas i gcónaí gach duine a dhéanann coir idirnáisiúnta a thabhairt os comhair na cúirte. Athdhearbhóidh sé a thacaíocht bhuanseasmhach don chóras idirnáisiúnta ceartais choiriúil, go háirithe don Chúirt Choiriúil Idirnáisiúnta, agus a thiomantas do Reacht na Róimhe a chaomhnú agus neamhspleáchas agus sláine na Cúirte Coiriúla Idirnáisiúnta a chaomhnú. Tá sé rithábachtach cuntasacht choiriúil a chur chun cinn chun dul i ngleic leis an tsaoirse ó phionós i gcás ainghníomhartha agus chun ceartas a thabhairt d'íospartaigh. Chun cuntasacht a bhaint amach, iarrfaidh an tAontas imscrúduithe neamhspleácha ar sháruithe agus mí-úsáidí ceart daonna agus ar sháruithe an dlí daonnúil idirnáisiúnta, lena n-áirítear iad siúd a d'fhéadfadh a bheith ina gcoireanna idirnáisiúnta, nó tacóidh sé le hiarrataí eile ar na himscrúduithe sin.
6. Leanfaidh an tAontas de bheith ar thús cadhnaíochta maidir le **tionscnaimh** i dtaca leis an Afganastáin, leis an mBealarúis, leis an mBurúin, le Daon-Phoblacht Dhaonlathach na Cóiré, leis an Eiritré agus le Maenmar/Burma. Ina theannta sin, beidh an tAontas faoi réir chun dul i ngleic agus déileáil le cásanna atá ag teacht chun cinn a bhaineann le cearta an duine ar cúis inní iad agus a d'fhéadfadh teacht chun cinn le linn 2024. Maidir leis an Aetóip, coinneoidh an tAontas súil ar a bhfuil ag tarlú maidir leis an gCreat Beartais um Cheartas Idirthréimhseach agus cur chun feidhme na creata sin agus molfaidh sé go mbeidh an beartas a bheidh ann amach anseo ag teacht le caighdeáin réigiúnacha agus idirnáisiúnta maidir le cearta an duine. Coinneoidh sé súil ghéar ar thionscnaimh maidir leis an gCambóid, le Poblacht na hAfraice Láir, le Poblacht Dhaonlathach an Chongó, leis an tSeoirsia, lena n-áirítear an staid i ndáil le cearta an duine i réigiúin na hAbcáise agus na hOiséite Theas de chuid na Seoirsia, le Háití, leis an Iaráin, leis an Libia, le Mailí, le Nicearagua, leis an gcríoch Phalaistíneach faoi fhorghabháil, le Cónaidhm na Rúise, leis an tSomáil, leis an tSúdáin Theas, le Srí Lanca, leis an tSúdáin, leis an tSiria, le críocha na hÚcráine atá faoi fhorghabháil go sealadach, lena n-áirítear Poblacht Fhéinrialaitheach na Crimé agus cathair Sevastopol, agus le hÉimin, agus coinneoidh sé súil ar na hiarrachtaí atá á ndéanamh, agus tacóidh sé leo, chun toghchán daonlathach agus urraim do chearta an duine a bhaint amach in Veiniséala, lena n-áirítear cur chun feidhme na gcomhaontuithe a síníodh in Barbados agus saoradh na bpríosúnach polaitiúil. Glacfaidh an tAontas páirt ghníomhach in **idirphlé idirghníomhach** le sealbhóirí sainordaithe nósanna imeachta speisialta chun aird a tharraingt ar sháruithe tromchúiseacha ar chearta an duine.

7. Cáinfidh an tAontas na sáruiithe córasacha ar chearta an duine san **Afganastáin**, go háirithe an t-idirdhealú inscnebhunaithe atá á dhéanamh ag an Talaban i leith ban agus cailíní. Áirítear ar na cearta a dhiúltaítear an ceart chun oideachais do chách, saoirse chun tuairimí a nochtadh, saoirse gluaiseachta agus oibre, an srian géar lena rannpháirtíocht sa saol poiblí agus sa saol sóisialta, lena n-áirítear an toirmeasc ar mhná oibriú do ENRanna agus do na Náisiúin Aontaithe. Iarrfaidh an tAontas freisin go gcosnófar cearta daoine ar de mhionlaigh iad, lena n-áirítear mionlaigh eitneacha agus reiligiúnacha, ar nós na Hasárach, chomh maith le daoine LGBTI. Tacóidh an tAontas le Misean Cúnaimh na Náisiún Aontaithe san Afganastáin (UNAMA) faoina shainordú cuimsitheach le gné láidir chearta an duine agus le sainordú an Rapóirtéara Speisialta maidir le staid chearta an duine san Afganastáin, chomh maith le Toscaire Speisialta don Afganastáin a cheapadh i gcomhréir le Rún 2721 (2023) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe. Leanfaidh sé de bhéim a leagan ar an bhfreagracht atá ar an Talaban a áirithiú go ndéanfar cearta an duine agus saoirsí bunúsacha a urramú, a chosaint agus a chomhlíonadh, agus leagfaidh sé béim ar thábhacht na cuntasachta. Iarrfaidh sé ar an Talaban cloí leis na hoibleagáidí faoi CEDAW agus CRC a bhfuil an Afganastáin ina páirtí iontu.

8. Iarrfaidh an tAontas go ndéanfaí athmhuintearas síochánta agus go n-athbhunófaí conair dhaonlathach i **Maenmar/Burma** agus tacóidh sé le hiarrachtaí na Náisiún Aontaithe agus ASEAN i ndáil leis an méid sin. Iarrfaidh sé go mbeadh níos mó comhleanúnachais ann i ndáil le seasaimh ar fud chóras na Náisiún Aontaithe, go háirithe trí ghníomhaíochtaí na sealbhóirí agus na ngníomhaireachtaí éagsúla de chuid na Náisiún Aontaithe ar an láthair a chuíchóiriú. Leanfaidh sé de bheith ag tacú leis an gceartas agus le cuntasacht as gach sárú agus mí-úsáid, agus iarrfaidh sé go gcuirfí deireadh le gach gníomh foréigin atá á dhéanamh ag réimeas míleata Mhaenmar ar fud na tíre, lena n-áirítear go n-éireoidh sé as na hionsaithe spriocdhírithé ar shaoránaigh agus ar bhonneagar sibhialta. Iarrfaidh sé go scaoilfí saor gan choinníoll agus láithreach iad siúd go léir atá á gcoinneáil go treallach, cáinfidh sí úsáid phionós an bháis, go háirithe mar thoradh ar coup míleata 2021 agus iarrfaidh sé go n-athbhunófaí an próiseas daonlathach. Leanfaidh sé de thacaíocht a thabhairt do mhuintir uile Mhaenmar/Burma, lena n-áirítear Róihinse agus mionlaigh eile. Iarrfaidh sé rochtain dhaonnúil iomlán agus gan bhac ar gach duine atá i ngátar. Leanfaidh an tAontas de bheith ag tacú le filleadh sábháilte, inbhuanaithe, díniteach agus deonach do dhídeanaithe ar Róihinsí iad ar a n-áit tionscnaimh nuair is féidir sin. Tacóidh an tAontas le sásraí cuntasachta lena n-áirítear an Sásra Imscrúdaitheach Neamhspleách maidir le Maenmar.

9. Leanfaidh an tAontas de **chogadh foghach** gan chúis gan údar na Rúise **ar an Úcráin** agus na sáruithe leanúnacha atá á ndéanamh ag an Rúis ar an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine agus ar an dlí daonnúil idirnáisiúnta san Úcráin a cháineadh go diongbháilte, lena n-áirítear coinneáil threallach, céasadh, drochíde, fuadaigh fhorfheidhmithe agus foréigean gnéasach agus inscnebhunaithe. Athdhearbhóidh sé a hiarraidh phráinneach ar an Rúis agus ar an mBealarúis go n-áiritheoidís go bhféadfadh gach leanbh Úcránach agus gach saoránach eile de chuid na hÚcráine a díbríodh agus a aistríodh go neamhdhleathach, go bhféadfaidís filleadh ar an Úcráin go sábháilte. Molann an tAontas go ndéanfaí tuilleadh iarrachtaí chun cuntasacht a áirithiú i dtaobh gach coire idirnáisiúnta agus sáruithe uile ar chearta an duine a eascraíonn as cogadh foghach na Rúise, agus é go láidir ar son cuntasacht a áirithiú sa chiall is leithne, lena n-áirítear cearta na n-íospartach chun ceartais agus chun cúitimh, chomh maith le ráthaíochtaí nach ndéanfar na sáruithe céanna arís. Molann an tAontas go ndéanfaí tuilleadh iarrachtaí, lena n-áirítear sa Chroíghrúpa, chun binse a mbeadh an tacaíocht agus an dlisteanacht thrasréigiúnach is leithne aige a bhunú chun coir an fhogha faoin Úcráin a ionchúiseamh, agus chun sásra cúitimh a bhunú amach anseo; athdhearbhaíonn sí go dtacaíonn sí le Clár an Damáiste arna dhéanamh ag Fogha Chónaidhm na Rúise faoin Úcráin, clár a bhunaigh Comhairle na hEorpa, mar chéim tosaigh nithiúil sa treo sin. Cuireann sé chun suntais a thacaíocht d'imscrúduithe Ionchúisitheoir na Cúirte Coiriúla Idirnáisiúnta agus athnuachan a bheith déanta ag an gComhairle um Chearta an Duine ar shainordú an Choimisiúin Fiosrúcháin maidir leis an Úcráin. Iarrfaidh an tAontas ar an Rúis deireadh a chur lena fogha, na fórsaí agus an trealamh míleata uile a tharraingt siar ó chríoch iomlán na hÚcráine láithreach, go hiomlán agus gan choinníoll agus lánurraim a thabhairt do cheannasacht, neamhspleáchas agus iomláine chríochach na hÚcráine laistigh dá teorainneacha a aithnítear go hidirnáisiúnta.

10. Iarrfaidh an tAontas ar **DPDC** aghaidh a thabhairt ar thorthaí an Choimisiúin Fiosrúcháin ó 2014 a bhaineann lena sháruithe tromchúiseacha agus a mhí-úsáidí ceart daonna, agus déileáil go fóinteach le córas na Náisiún Aontaithe um chearta an duine, i bhfianaise an athbhreithnithe thréimhsiúil uilechoitinn a dhéanfar air go luath. Leanfaidh an tAontas de bheith ag iarraidh ar DPDC glacadh le tairiscintí chun idirphlé agus déileáil an athuair leis an gcomhphobal idirnáisiúnta, lena n-áirítear trí phearsanra taidhleoireachta agus daonnúil a ligean isteach i DPDC arís Tathantóidh sé ar DPDC cearta an duine a urramú, a chosaint agus a chomhlíonadh agus saincheist na bhfuadach a réiteach láithreach bonn.

11. Maidir le **hIosrael agus le críoch Phalaistíneach faoi fhorghabháil**, cáineann an tAontas go láidir na hionsaithe sceimhlitheoireachta brúidiúla agus neamh-idirdhealaitheacha a rinne Hamas ar fud Iosrael an 7 Deireadh Fómhair, lena n-áirítear foréigean gnéasach agus foréigean inscnebhunaithe. Meabhraítear don Aontas an ceart atá ag Iosrael é féin a chosaint agus cuireann sé i bhfios go láidir nach mór é a fheidhmiú i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta, lena n-áirítear an dlí daonnúil idirnáisiúnta agus an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine. Leanfaidh an tAontas de shúil ghéar a choinneáil ar an staid in Gaza agus iarrfaidh sé go n-urramófar cearta an duine, agus béim á leagan aige ar an oibleagáid atá ann cosaint na sibhialtach uile a áirithiú i gcónaí i gcomhréir leis an dlí daonnúil idirnáisiúnta. Tathantaímid ar gach taobh an dlí idirnáisiúnta, an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine agus an dlí daonnúil idirnáisiúnta a urramú, agus tugaimid dár n-aire nach mór cuntasacht a bheith ann as sáruithe ar an dlí idirnáisiúnta. Ag athdhearbhú dó an imní mhór atá air faoin staid dhaonnúil in Gaza atá ag dul in olcas, iarrfaidh an tAontas go mbeidh rochtain dhaonnúil leanúnach, thapa, shábháilte agus gan bhac orthu siúd atá i ngátar trí na bearta uile is gá, lena n-áirítear trí acmhainneacht mhéadaithe ag trasnuithe teorann agus trí bhealach tiomnaithe muirí, agus lena n-áirítear freisin conairí daonnúla agus sosanna do riachtanais dhaonnúla, agus é á áirithiú ag an am céanna nach mbainfidh eagraíochtaí sceimhlitheoireachta mí-úsáid as an gcabhair sin. Leanfaidh an tAontas de bheith ag iarraidh ar Hamas gach giall a scaoileadh saor láithreach gan aon réamhchoinníoll, ag tabhairt dá aire gur ainghníomhartha uafásacha ar leith é sibhialtaigh a bheith á n-úsáid mar sciatha daonna ag Hamas. Ní mór obair ghníomhaireachtaí na Náisiún Aontaithe a éascú, agus ní mór baill foirne de chuid na Náisiún Aontaithe agus baill foirne daonnúla a chosaint. Níor cheart ionsaí a dhéanamh ar iriseoirí. Iarrfaidh an tAontas go ndéanfaí an bonneagar sibhialtach uile a chosaint, lena n-áirítear saoráidí leighis, scoileanna agus áitribh na Náisiún Aontaithe, chomh maith le bonneagar eile arb é is aidhm dó cabhrú le cúnaimh dhaonnúil a sholáthar. Cáineann an tAontas go láidir foréigean na lonnaitheoirí agus iarrann sé go mbeadh cuntasacht ann. Faoin dlí idirnáisiúnta tá lonnaíochtaí mídhleathach. Ní mór d'Iosrael stop a chur le leathnú na lonnaíochtaí, cosc a chur ar fhoréigean na lonnaitheoirí, agus a chinntiú go dtabharfar iad siúd atá freagrach chun cuntais. Iarrfaidh an tAontas comhoibriú le sásraí uile na Náisiún Aontaithe. Tá an tAontas réidh chun cuidiú le próiseas polaitiúil a athbheochan ar bhonn an réitigh dhá stát, lena n-áirítear trí iarracht an Lae Síochána, agus is díol sásaimh dó tionscnaimh taidhleoireachta síochána agus slándála agus tacaíonn sé le comhdháil idirnáisiúnta síochána a thionól go luath.

12. Leanfaidh an tAontas d'fhaireachán agus de cháineadh a dhéanamh ar an gcos ar bolg inmheánach atá á déanamh go córasach ar an tsochaí shibhialta agus ar ghrúpaí stiogmataithe, lena n-áirítear daoine LGBTI, i **gCónaidhm na Rúise**. Cáineann an tAontas gur dúnadh, nach mór, an spás sibhialta, gur cuireadh an pobal easaontach, an freasúra polaitiúil agus na meán neamhspleách ina dtost, , go bhfuil easpa neamhspleáchais maidir leis na breithiúna agus easpa ráthaíochtaí maidir le triail chóir, agus go mbíonn céastóireacht, drochíde, agus coinneáil threallach in úsáid. Leanfaidh sé de bheith ag tathant ar an Rúis comhoibriú go hiomlán leis na sásraí faireacháin idirnáisiúnta agus réigiúnacha uile um chearta an duine agus leis na Nósanna Imeachta Speisialta uile a bhaineann le staid chearta an duine i gCónaidhm na Rúise. Iarrfaidh an tAontas ar an Rúis na príosúnaigh pholaitiúla uile atá á gcoinneáil aici a scaoileadh saor.
13. Cáineann an tAontas go láidir i gcónaí na sáruithe ar chearta an duine atá ag dul in olcas sa **Bhealarúis**, ag meabhrú dó gur thuairiscigh an tArd-Choimisinéir um Chearta an Duine go bhfuil sáruithe córasacha, forleathana agus tromchúiseacha á ndéanamh sa Bhealarúis i gcónaí. Dar leis an Ard-Choimisinéir go bhféadfadh roinnt de na sáruithe ceart daonna sin a bheith ina gcoireanna in aghaidh an chine dhaonna. Tathantóidh an tAontas ar údaráis na Bealarúise stop a chur lena gcos ar bolg inmheánach agus gach príosúnach polaitiúil a scaoileadh saor agus a athshlánú láithreach agus gan choinníoll. Leanfaidh an tAontas de bheith ag tathant ar an mBealarúis comhoibriú go hiomlán le sásraí faireacháin idirnáisiúnta agus réigiúnacha um chearta an duine. Tathantóidh an tAontas ar údaráis na Bealarúise stop a chur lena rannpháirtíocht i gcogadh foghach na Rúise ar an Úcráin agus stop a chur le hionstraimiú na n-imirceach chun críoch polaitiúil. Oibreoidh an tAontas chun a áirithiú go bhfanfaidh staid chearta an duine sa Bhealarúis atá ag dul in olcas ag barr chlár oibre na Comhairle um Chearta an Duine.

14. Iarrfaidh an tAontas go gcuirfí deireadh le sáruithe ar an dlí daonnúil idirnáisiúnta agus le sáruithe agus mí-úsáidí ceart daonna a dhéanann na páirtithe uile sa choinbhleacht sa tSiria, go háirithe an réimeas agus a chomhghuaillithe, agus athdhearbhaíonn sé nach mór na páirtithe uile atá freagrach as sáruithe ar an dlí daonnúil idirnáisiúnta agus as sáruithe agus mí-úsáidí ceart daonna, lena n-áirítear foréigean gnéasach agus inscnebhunaithe, a thabhairt chun cuntais. Athdhearbhóidh an tAontas go bhfuil sé rithábachtach go mbeadh rochtain shábháilte, iomlán, gan bhac agus leanúnach ag eagraíochtaí daonnúla, lena n-áirítear ar áiteanna gaibhniúcháin nó coinneála. Cuirfidh an tAontas in iúl go dtacaíonn sé i gcónaí leis an gCoimisiún Idirnáisiúnta Neamhspleách Fiosrúcháin agus leis an Sásra Idirnáisiúnta Neamhchlaonta agus Neamhspleách agus iarrfaidh sé an athuair go gcuirfí an staid sa tSiria faoi bhráid na Cúirte Coiriúla Idirnáisiúnta. Is díol sásaimh don Aontas gur cruthaíodh an Institiúid Neamhspleách um Dhaoine atá ar Iarraidh i bPoblacht Arabach na Siria agus tá sé faoi réir chun tacú leis an institiúid nua sin. Tabharfaidh an tAontas dá aire nach bhfuil na coinníollacha i bhfeidhm faoi láthair chun go bhfillfeadh dídeanaithe Siriacha, mar atá sainithe ag UNHCR, a go deonach, go sábháilte agus le dínit. Is réiteach polaitiúil i gcomhréir le Rún 2254 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe an t-aon bhealach chun síocháin inbhuanaithe a bhaint amach don tSiria.
15. Leanfaidh an tAontas de sháruithe ar chearta an duine san Iaráin a cháineadh agus tathantóidh sé ar údaráis na hIaráine seasamh le cearta an duine, go háirithe cearta na mban agus na gcailíní agus cearta daoine ar de mhionlaigh reiligiúnacha agus eitneacha iad, saoirse tuairimíochta agus tuairimí a nochtadh, saoirse reiligiúin nó creidimh, agus an ceart chun comhthionóil shíochánta. Iarrfaidh an tAontas ar rialtas na hIaráine deireadh a chur le básuithe agus beartas comhsheasmhach a shaothrú chun pionós an bháis a dhíothú agus comhoibriú go hiomlán le sásraí na Náisiún Aontaithe maidir le cuntasacht as sáruithe ar chearta an duine agus go háirithe an Misean Neamhspleách Aimsithe Fíoras a bhunaigh an Chomhairle um Chearta an Duine. Molfaidh sé freisin go scaoilfí saor gach duine atá á choinneáil go treallach, lena n-áirítear náisiúnaigh eachtracha agus dé-náisiúnaigh, agus go gcuirfí próis chuí ar fáil do gach duine atá faoi choinneáil.

16. Cáineann an tAontas na sárúithe agus na mí-úsáidí tromchúiseacha ceart daonna sa tSúdáin, lena n-áirítear na tuairiscí iomadúla ar fhoréigean gnéasach agus inscnebhunaithe chomh maith leis na sárúithe ar chearta an linbh. Is cúis mhór imní don Aontas na tuairiscí faoi fhoréigean leitheadach i gcoinne sibhialtach agus glanadh eitneach go háirithe in Iarthar Darfur agus faoin líon mór daoine a bhfuil cúnamh daonnúil de dhíth orthu agus daoine atá easáitithe ina dtír féin. Iarrfaidh an tAontas ar na páirtithe uile sa choinbhleacht a n-oibleagáidí faoin dlí daonnúil idirnáisiúnta a chomhlíonadh agus a urramú, stop a chur le hionsaithe ar bhonneagar sibhialtach agus rochtain dhaonnúil neamhshrianta, thráthúil agus shábháilte a ráthú ar fud na tíre. Athdhearbhóidh sé an gá atá le cuntasacht do dhéantóirí uile na gcoireanna chun deireadh a chur leis an tsaoirse leanúnach ó phionós. Tacóidh an tAontas le hobair na Cúirte Coiriúla Idirnáisiúnta agus na Náisiún Aontaithe, lena n-áirítear trí Oifig Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine, toscaire pearsanta nuacheaptha Ardrúnaí na Náisiún Aontaithe don tSúdáin agus iarrann sé ar an tSúdáin comhoibriú le sainorduithe an tSaineolaí Neamhspleách ainmnithe sa tSúdáin chomh maith leis an Misean Neamhspleách Idirnáisiúnta Aimsithe Fíoras maidir le sárúithe agus mí-úsáidí ceart daonna sa tír.

17. Athdhearbhóidh an tAontas i gcónaí na hábhair imní atá aige i gcónaí maidir le staid chearta an duine **sa tSín**, lena n-áirítear sa Tibéid, san Ion-Mhongóil, i Hong Cong agus in Xinjiang. Leanfaidh an tAontas de spreagadh a thabhairt don tSín comhoibriú go héifeachtach le hOifig an Ard-Choimisinéara, agus leis na sásraí idirnáisiúnta uile um chearta an duine, lena n-áirítear chun na moltaí a áirítear sa tuarascáil mheasúnaithe ar ábhair imní maidir le cearta an duine in Xinjiang a chur chun feidhme. Leanfaidh an tAontas d’aird ar leith a thabhairt ar theachtadh iomlán chearta an duine agus ar fheidhmiú saoirsí bunúsacha, go háirithe tuairimíocht agus tuairimí a nochtadh, comhlachas agus comhthionól síochánta, saoirse reiligiúin nó creidimh, chomh maith le cearta na mban agus na gcailíní a chosaint, féiniúlacht chultúrtha a chaomhnú agus deireadh a chur le húsáid campaí saothair éignithe agus athoideachais go háirithe i bhfianaise Athbhreithniú Tréimhsiúil Uilechoiteann na Síne. Leanfaidh an tAontas de dhlúthfhaireachán a dhéanamh ar chásanna aonair de chosantóirí ceart daonna, lena n-áirítear iad siúd a bhíonn ag plé le sásraí na Náisiún Aontaithe. Tathantóidh sé ar an tSín cearta an duine do chách a urramú, a chosaint agus a chomhlíonadh, lena n-áirítear Uigiúraigh, Tibéidigh agus daoine ar de mhionlaigh eitneacha, reiligiúnacha agus teanga iad. Tathantóidh an tAontas ar Rialtas na Síne agus ar údaráis Hong Cong lánurraim don smacht reachta agus do chearta an duine a athbhunú, agus athdhearbhóidh sé na hábhair imní atá aige maidir leis na gealltanais a thug an tSín roimhe seo maidir le Hong Cong a chomhlíonadh. Tá an tAontas Eorpach sásta oibriú leis an tSín, nuair is féidir, agus lánurraim á tabhairt do chearta uilíocha an duine, ar shaincheisteanna mar shampla cearta eacnamaíocha, sóisialta agus cultúrtha i bhfóraim iltaobhacha.
18. Cuirfidh an tAontas i dtreis go dtacaíonn sé i gcónaí le buansíocháin mharthanach a chur chun cinn idir an Airméin agus an Asarbaiseáin bunaithe ar phrionsabail an aitheantais don cheannasacht, do dhosháraitheacht na dteorainneacha agus don iomláine críochaí. Leagfaidh an tAontas béim ar a thábhachtaí atá sé cearta agus slándáil **Airméinigh Charabaic** a áirithiú, chomh maith leis na dálaí a chruthú chun go bhfillfeadh dídeanaithe agus daoine easáitithe ar an Nagarna-Carabaic ar bhonn deonach, sábháilte, díniteach agus inbhuanaithe, go háirithe a gceart chun cónaí ina dtithe le dínit, gan imeaglú ná idirdhealú. Ina theannta sin, ní mór oidhreacht chultúrtha agus cearta maoine an phobail áitiúil a chosaint agus a ráthú go héifeachtach.

19. Ina theannta sin, táthar ag súil go gcloífidh an Tuirc, mar thír is iarrthóir ar aontachas leis an Aontas agus mar bhall seanbhunaithe de Chomhairle na hEorpa, lena gealltanais faoi seach.
20. Maidir le **tosaíochtaí téamacha**, leanfaidh an tAontas de bheith i gcoinne **phionós an bháis** i ngach uile cás agus faoi uile chúinse agus déanfaidh sé daingniú breise ar an Dara Prótacal Roghnach a ghabhann leis an gCúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Sibhialta agus Polaitiúla, a glacadh 35 bliana ó shin, a chur chun cinn. Iarrfaidh an tAontas ar na tíortha uile a bhfuil pionós an bháis fós á chur i bhfeidhm acu deireadh a chur leis, nó moratóir a choinneáil nó a thabhairt isteach mar chéad chéim chun deireadh a chur leis. Molfaidh an tAontas do stáit ina bhfuil moratóir i bhfeidhm deireadh a chur le pionós an bháis sa dlí. Tosóidh an tAontas ag obair go luath d'fhonn tacaíocht a fhorbairt don 10ú rún ó Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe maidir le moratóir i dtaca le pionós an bháis a úsáid, i gcomhréir lena thiomantas aonchiallach chun deireadh a chur leis.
21. I gcomhthéacs chomóradh 40 bliain an Choinbhinsiúin in aghaidh an Chéastóireachta, cáinfidh an tAontas i gcónaí úsáid **céastóireachta** agus íde nó pionóis eile atá cruálach, mídhaonna nó táireach ar fud an domhain agus labhróidh sé i gcoinne gabhálacha treallacha agus coinneáil threallach. Iarrfaidh sé an athuair go ndéanfaí Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh na Céastóireachta agus an Prótacal Roghnach a ghabhann leis a dhaingniú go forleathan agus a chur chun feidhme go héifeachtach. Leanfaidh an tAontas den Chomhghuaillíocht Dhomhanda ar son Trádáil Gan Chéastóireacht a chur chun cinn agus breithneoidh sé céimeanna breise chun cosc a chur ar thrádáil in earraí a úsáidtear le haghaidh phionós an bháis agus na céastóireachta.

22. Iarrfaidh an tAontas ar gach stát ar fud an domhain feidhmiú cuí na n-institiúidí daonlathacha a áirithiú, an smacht reachta, prionsabail an dea-rialachais, sochaithe cuimsitheacha agus neamhspleáchas na mbreithiúna a urramú agus an tsaoirse ó phionós agus an t-éilliú a chosc agus a chomhrac. Baineann an t-éilliú an bonn d'fhíorú agus de theachtadh chearta uile an duine, agus laghdaíonn sé an daonlathas, an mhuinín as institiúidí agus an smacht reachta.
23. Athdhearbhóidh an tAontas go bhfuil sé tiomanta go láidir an ceart chun **saoirse reiligiúin nó creidimh** a chur chun cinn agus a chosaint do gach duine ar fud an domhain. Cuirfidh an tAontas chun cinn agus cosnóidh sé an ceart atá ag gach duine chun a reiligiún nó chreideamh féin a bheith nó gan a bheith aige nó an creideamh nó reiligiún atá aige a athrú nó a léiriú, agus cáinfidh sé ag an am céanna aon choiriúlú a dhéanfar ar shéanadh creidimh agus aon mhí-úsáid a bhainfear as dlíthe blaisféime. Cáinfidh an tAontas idirdhealú, éadulaingt, foréigean agus géarleanúint atá bunaithe ar fhorais reiligiúin nó creidimh, agus diúltaímid d'aon chineál gríosaithe chun fuatha reiligiúnaigh.
24. Neartóidh an tAontas a thacaíocht chun seasamh leis an gceart chun **saoirse tuairimíochta agus tuairimí a nochtadh** ar líne agus as líne araon. Leanfaidh sé de bheith diongbháilte agus é ag tacú le saoirse na meán agus le ciapadh, bagairtí agus ionsaithe i gcoinne iriseoirí, blagálaithe agus oibrithe eile sna meáin a cháineadh. Leanfaidh an tAontas d'fholáirimh a thabhairt faoin rialú méadaithe atá ag stáit ar an spás ar líne agus ionramháil eachtrach ar fhaisnéis agus bréagaisnéis a chomhrac go réamhghníomhach agus cuirfidh sé sláine faisnéise chun cinn i gcomhrac na bréagaisnéise. Leanfaidh an tAontas de bheith ag obair chun seasamh leis an **tsaoirse acadúil** agus chun daoine den phobal acadúil atá i mbaol a chosaint. Leanfaidh an tAontas den cheart chun **saoirse comhthionóil shíochánta agus chun comhlachais** a chosaint agus a chur chun cinn agus d'imeagló, bagairtí agus foréigean i gcoinne agóideoirí síochánta a cháineadh.

25. Déanfaidh an tAontas cearta uilíocha an duine agus saoirsí bunúsacha, an smacht reachta agus prionsabail dhaonlathacha a chur chun cinn go gníomhach chun **teicneolaíochtaí digiteacha** a fhorbairt, a úsáid agus a rialú, lena n-áirítear an Intleacht Shaorga (IS), an t-idirlíon agus na spásanna digiteacha, i gcomhréir lena chur chuige duinelárnach agus bunaithe ar chearta an duine i leith teicneolaíochtaí digiteacha agus ag tarraingt ar a chuid oibre i dtreo rialáil IS atá oiriúnach don fheidhm. Déanfaidh an tAontas dearadh, forbairt, imlonnú, meastóireacht agus úsáid intleachta saorga atá freagrach, sábháilte agus iontaofa a chur chun cinn i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine, agus leanfaidh sé d'aird a tharraingt ar an tionchar a bhíonn ag múchadh idirlín, ag cinsireacht ar líne agus ag faireachas neamhdhleathach ar líne. Leanfaidh an tAontas de bheith ag iarraidh go ndéanfar an spás sibhialta ar líne a chosaint, chun feabhas a chur ar chosaint sonraí agus chun rialachas freagrach ardáin a chur chun cinn, lena n-áirítear chun an bhréagaisnéis agus an chibearchoireacht agus ciapadh agus mí-úsáid inscnebhunaithe ar líne atá éascaithe ag an teicneolaíocht a chomhrac. Cuirfidh an tAontas idirlíon oscailte, saor, slán agus idir-inoibritheach chun cinn, agus cosnóidh sé a bhunús il-gheallsealbhóirí. Ar phríomhthosaíochtaí an Aontais, áiritheofar go léireofar na prionsabail sin go cuí i bpróisis dhigiteacha na Náisiún Aontaithe atá ar na bacáin, mar shampla an Comhshocrú Digiteach Domhanda agus aon chinntí maidir le creat rialachais domhanda don intleacht shaorga a bheidh ann amach anseo. Chuige sin, tabharfaidh an tAontas aird ar leith ar mholtaí Bhord Comhairleach Ardleibhéil Ardrúnaí na Náisiún Aontaithe maidir leis an intleacht shaorga, go háirithe an tuarascáil uaidh roimh an gCruinniú Mullaigh don Todhchaí in 2024. Ag an am céanna, leanfaidh an tAontas dá chomhar digiteach faoi chuimsiú na Tairisí Domhanda, d'fhonn na bearnaí digiteacha a dhúnadh agus ligean do theicneolaíochtaí digiteacha, lena n-áirítear an intleacht shaorga, feidhmiú mar luasairí chun na SDGanna a bhaint amach.

26. Tacóidh an tAontas go gníomhach le sochaí sibhialta atá éagsúil neamhspleách, ar bunchloch de shochaí dhaonlathach í, agus déanfaidh sé í a chur chun cinn agus a chumhachtú. Cáinfidh an tAontas go láidir aon chineál díoltais ar **chosantóirí chearta an duine** agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta a chomhoibríonn, lena n-áirítear iad siúd a fhéachann le comhoibriú nó a chomhoibrigh le córas na Náisiún Aontaithe, agus leanfaidh sé de rannpháirtíocht iomlán fhóinteach na sochaí sibhialta a chur chun cinn i bhfóraim uile na Náisiún Aontaithe.
- Tabharfaidh an tAontas aird ar leith ar na rioscaí sonracha a dtugann catagóirí áirithe de chosantóirí chearta an duine aghaidh orthu, ar cosantóirí iad a ndéantar idirdhealú, foréigean agus ciapadh orthu go minic, ar líne agus as líne araon, go háirithe cosantóirí ar mná iad, cosantóirí ar daoine óga iad, cosantóirí comhshaoil, talún agus chearta na mbundúchasach, cosantóirí chearta na ndaoine LGBTI, cearta daoine a bhaineann le mionlaigh náisiúnta nó eitneacha, reiligiúnacha agus teanga agus iad siúd a chosnaíonn cearta saothair. Beidh an tAontas ina phríomhghníomhaí maidir le timpeallacht shábháilte chumasúcháin a chur chun cinn don tsochaí sibhialta agus do chosantóirí chearta an duine, lena n-áirítear iad siúd ar deoraíocht atá gníomhach. Tabharfaidh sé aird ar leith ar fhaireachas neamhdhleathach ar líne agus déanfaidh sé machnamh ar bhearta chun cosc a chur ar bhrú faoi chois trasnáisiúnta agus chun dul i ngleic leis, chomh maith le gníomhaíochtaí a spreagadh ag na Náisiúin Aontaithe chun aghaidh a thabhairt ar an bhfeiniméan domhanda sin atá ag éirí níos tromchúisí. Ina theannta sin, cuirfidh an tAontas i gcoinne bearta dlíthiúla agus riaracháin lena laghdaítear an spás sibhialta, ar nós bacainní ar chlárú eagraíochtaí neamhrialtasacha, srianta ar rochtain ar acmhainní, rialacha grinnfhiosrúcháin dochraideacha agus ceanglais throma tuairiscithe. Oibreoidh an tAontas go dlúth le hArd-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine agus faoi Nósanna Imeachta Speisialta chun a áirithiú go n-éistfear le guthanna na sochaí sibhialta agus chosantóirí chearta an duine.

27. Leanfaidh an tAontas d'iarrachtaí idirnáisiúnta a chur chun cinn go fuinniúil agus iad a uas-scálú ar son an **chomhionannais inscne**, ar son chearta uile an duine a chur chun cinn agus a bheith á lánteachtadh ag mná agus cailíní agus ar mhaithe lena gcumhachtú, i gcomhréir lena ghealltanais idirnáisiúnta, lena n-áirítear trí chomhionannas inscne a phríomhshruthú i gcomhthéacsanna tíre agus téamacha. Leanfaidh an tAontas de chomhtháthú ghné na hinscne a chur chun cinn i dtionscnaimh shíochána agus shlándála, lena n-áirítear trí Rún 1325 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe maidir le Mná, an tSíocháin agus an tSlándáil agus rúin ina dhiaidh sin a chur chun feidhme, trí rannpháirtíocht agus ceannaireacht iomlán, chomhionann agus fhóinteach na mban agus na gcailíní a neartú maidir le coinbhleachtaí a chosc agus a réiteach le linn thimthriall iomlán na coinbhleachta. Bainfidh an tAontas leas as gach uile ócáid sna fóraim ábhartha uile chun na gealltanais sin a chomhlíonadh i gcónaí, lena n-áirítear sa Choimisiún um Stádas na mBan agus sa Choimisiún maidir le Daonra agus Forbairt agus cuireann sé i bhfios go láidir gur gá cur chuige uailmhianach claochlaitheach chun aghaidh a thabhairt ar bhunchúiseanna agus tosca riosca an neamhionannais inscne, an idirdhealaithe agus an fhoréigin i gcoinne na mban agus cailíní. Leanfaidh an tAontas de chosc agus díothú gach cineáil foréigin ghnéasaigh agus inscnebhunaithe ar líne agus as líne araon, lena n-áirítear foréigean baile agus páirtí dlúthchaidrimh, pósadh leanaí, luathphósadh agus pósadh éigeantais, ciorrú ball giniúna ban agus cleachtais dhíobhálacha eile in aghaidh na mban agus na gcailíní, a chur i gcroílár a chuid iarrachtaí. Leanfaidh sé de shineirgí féideartha a chur chun cinn leis na próisis atá ann cheana sa réimse sin, mar shampla an Fóram Glúin an Chomhionannais, fóram de chuid na Náisiún Aontaithe atá faoi stiúir na mban, ina bhfuil roinnt Ballstát rannpháirteach. Cuirfidh an tAontas iarrachtaí na sochaí chun cinn go mbeidh fir agus buachaillí rannpháirteach mar chomhghuaillithe agus tairbhíthe sna hiarrachtaí chun deireadh a chur le gach neamhionannas inscne, aghaidh a thabhairt ar dhlíthe agus noirm shóisialta idirdhealaitheacha agus steiréitíopaí inscne a chomhrac, agus deireadh a chur le foréigean gnéasach agus inscnebhunaithe. Meabhraítear don Aontas a thiomantas tacú le rannpháirtíocht chomhionann iomlán éifeachtach fhóinteach a bheith ag mná agus an óige, ina n-éagsúlacht uile, lena n-áirítear i ngach réimse den saol poiblí agus polaitiúil, i gcomhréir le Plean Gníomhaíochta an Aontais maidir le Cearta an Duine agus leis an Daonlathas 2020-2024. Anois agus an Coinbhinsiún maidir le gach cineál Idirdhealaithe in aghaidh na mBan a Dhíothú 45 bliana ar an bhfód agus a phrótacal roghnach 25 bliana ar an bhfód, leanfaidh an tAontas de dhaingniú agus cur chun feidhme na n-ionstraimí sin a chur chun cinn.

28. Tá an tAontas tiomanta i gcónaí cearta uile an duine a chur chun cinn, a chosaint agus a chomhall, Clár Oibre Gníomhaíochta Bhéising agus Clár Oibre na Comhdhála Idirnáisiúnta maidir le Daonra agus Forbairt a chur chun feidhme go héifeachtach agus go hiomlán, mar aon le pé toradh a bheidh ar a gcuid comhdhálacha athbhreithniúcháin, agus sa chomhthéacs sin, leanann an tAontas de bheith tiomanta do shláinte ghnéis agus sláinte atáirgthe agus na cearta a bhaineann leo. Á choimeád sin i gcuimhne dó, athdhearbhaíonn an tAontas go bhfuil a thiomantas do chur chun cinn, cosaint agus comhlíonadh cheart gach duine chun smacht iomlán a bheith acu ar ábhair a bhaineann lena ngnéasacht agus lena sláinte ghnéis agus atáirgthe, saor ó idirdhealú, ó chomhéigean agus ó fhoréigean, agus chun cinneadh a dhéanamh gan bhac agus ar bhealach freagrach ina leith sin. An athuair, cuireann an tAontas i bhfios go láidir a riachtanaí atá an rochtain uilíoch ar fhaisnéis ardcháilíochta, inacmhainne, chuimsitheach i leith na sláinte ghnéis agus atáirgthe agus i leith an oideachais, lena n-áirítear oideachas cuimsitheach gnéasachta, agus seirbhísí cúraim sláinte.
29. Leanfaidh an tAontas de sheasamh go daingean i gcoinne gach cineáil **idirdhealaithe**, agus de dhlús a chur leis an ngníomhú ina choinne, agus aird ar leith á tabhairt ar fhoirmeacha iolracha trasnacha idirdhealaithe, lena n-áirítear idirdhealú bunaithe ar ghnéas, cine, bunadh eitneach nó sóisialta, reiligiún nó creideamh, tuairim pholaitiúil nó aon tuairim eile, míchumas, aois, gnéaschlaonadh agus féiniúlacht inscne. Athdhearbhaíonn an tAontas go bhfuil sé tiomanta don chomhionannas agus don neamh-idirdhealú, do theidlíocht gach duine réimse iomlán chearta an duine agus na saoirsí bunúsacha a theachtadh, agus do chosaint a thabhairt dóibh siúd atá faoi mhíbhuntáiste, leochaileach agus imeallaithe. Athdhearbhóidh an tAontas go bhfuil sé tiomanta go láidir do theachtadh iomlán agus comhionann chearta daoine LGBTI a urramú, a chosaint agus a chomhlíonadh agus cuirfidh sé in iúl gur cúis imní dó na rátaí scanrúla foréigin, idirdhealaithe agus stiogmataithe ar dhaoine LGBTI ar fud an domhain. Glacfaidh an tAontas páirt i sainorduithe de chuid na Náisiún Aontaithe atá dírithe ar an bhforéigean agus ar gach cineál idirdhealaithe a chomhrac agus leanfaidh sé de thacaíocht láidir a thabhairt d'obair na Náisiún Aontaithe chuige sin.

30. Leanfaidh an tAontas de bheith lántiomanta do dhíothú an **chiníochais**, an idirdhealaithe chiníoch, na seineafóibe agus na héadulaingthe gaolmhaire lena mbaineann. Cuireann a ghníomhaíocht sa réimse sin le creat dlíthiúil láidir, lena n-áirítear plean gníomhaíochta an Aontais Eorpaigh in aghaidh an chiníochais 2020-2025, a forbraíodh thar na blianta, i gcomhréir leis an gCoinbhinsiún Idirnáisiúnta maidir le Gach Cineál Idirdhealaithe Chiníoch a Dhíothú, atá mar bhonn den ghníomhaíocht chun cur i gcoinne an chiníochais, an idirdhealaithe chiníoch, na seineafóibe, na fuathchainte agus na héadulaingthe, agus ar cheart dó leanúint de bheith mar bhonn don chur i gcoinne sin. Leanfaidh an tAontas de bheith rannpháirteach go gníomhach agus go cuiditheach le sásraí uile na Náisiún Aontaithe a bhaineann leis an gciníochas, ar traidisiún seanbhunaithe é don Aontas, gan beann ar cé acu a thacaigh nó nár thacaigh sé leis an sásra lena mbaineann a chruthú, agus ag an am céanna iarrfaidh sé go comhsheasmhach go ndéanfaí na sásraí atá ann cheana a chuíchóiriú agus a chothromú. Leanfaidh an tAontas de bhéim a leagan ar an ngá atá le daingniú uilíoch agus cur chun feidhme iomlán agus éifeachtach ICERD a áirithiú, chomh maith leis an ngá atá le Dearbhú Durban agus Clár Gníomhaíochta Durban a chur chun feidhme. Thairis sin, leanfaidh an tAontas de pháirt fhóinteach a ghlacadh sa chaibidlíocht maidir le Dréachtdearbhu na Náisiún Aontaithe maidir le cearta daonna daoine de bhunús na hAfraice a urramú, a chosaint agus a chomhlíonadh.

31. Leanfaidh an tAontas de **chearta an linbh** a chur chun cinn, agus tosaíocht á tabhairt aige do leanaí a chosaint ó gach cineál foréigin, rochtain uilíoch ar oideachas ardcháilíochta cuimsitheach, agus aird ar leith ar cheart na gcailíní chun oideachais agus ar cheart na leanaí siúd atá faoi mhíbhuntáiste, leochaileach agus imeallaithe, lena n-áirítear leanaí dúchasacha agus leanaí ar de mhionlaigh iad, lena n-áirítear mionlaigh náisiúnta agus eitneacha, chomh maith le leanaí faoi mhíchumas. Leanfaidh an tAontas d'aird ar leith a thabhairt ar leanaí ar fhág coinbhleachtaí armtha a lorg orthu agus ar sháruithe tromchúiseacha ar na leanaí sin a chosc agus deireadh a chur leo, ag tógáil ar chomhordú neartaithe le sásraí agus comhpháirtithe na Náisiún Aontaithe. Leanfaidh an tAontas de bheith ag gníomhú i gcoinne ciorrú ball giniúna ban agus i gcoinne luathphósadh, pósadh leanaí agus pósadh éigeantais. Leanfaidh an tAontas d'oibriú chun deireadh a chur le bochtaineacht leanaí agus le gach cineál idirdhealaithe in aghaidh leanaí. Tabharfaidh an tAontas aghaidh ar chearta an linbh sa spás digiteach chun eispéireas sábháilte ar líne, saor ó gach cineál foréigin, a ráthú do gach leanbh.
32. Cuirfidh an tAontas dlús leis an ngníomhaíocht chun a áirithiú go mbeidh **daoine scothaosta** in ann cearta uile an duine a theachtadh. Leanfaidh an tAontas de bheith tiomanta do chearta daonna daoine scothaosta a neartú i ngach réimse den saol, go háirithe sa chúram fadtéarmach agus tacóidh sé leis na hiarrachtaí chun dul i ngleic le haoiseachas agus idirdhealú aoisbhunaithe agus chun gníomhaíochtaí idirghlúine agus dlúthpháirtíocht a threisiú. I ndáil leis an méid sin, oibreoidh an tAontas go fóinteach le Meitheal Neamhiata na Náisiún Aontaithe um Aosú agus tá sé faoi réir chun comhoibriú leis an bpróiseas chun bearnaí a d'fhéadfadh a bheith ann i gcosaint chearta an duine do dhaoine scothaosta a shainaithint chun aghaidh a thabhairt orthu ar an mbealach is fearr.

33. Leanfaidh an tAontas de chearta na **bPobal Dúchasach** mar a leagtar amach i nDearbhú na Náisiún Aontaithe maidir le Cearta na bPobal Dúchasach iad agus an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine a chur chun cinn, agus i ndáil leis sin glacfaidh sé páirt ghníomhach i ngach fóram ábhartha ina ndéantar plé ar chearta na bPobal Dúchasach. Leanfaidh an tAontas de bheith rannpháirteach go gníomhach sna hiarrachtaí uile chun feabhas a chur ar rannpháirtíocht iomlán éifeachtach fhónta ionadaithe agus institiúidí na bpobal dúchasach i gcomhlachtaí ábhartha na Náisiún Aontaithe, lena n-áirítear cruinnithe na Comhairle um Chearta an Duine maidir le saincheisteanna a dhéanann difear dóibh. Leagfaidh an tAontas béim ar a thábhachtaí atá sé cosantóirí chearta na bpobal dúchasach a chosaint, lena n-áirítear i gcomhthéacs na talún agus acmhainní nádúrtha, agus i gcomhthéacs chosaint an chomhshaoil, na bithéagsúlachta agus na haeráide, agus a thábhachtaí atá sé a áirithiú go mbeidh siad in ann cearta an duine a chur chun cinn gan eagla roimh bhearta díoltais. Déanfaidh an tAontas rannpháirtíocht agus ceannaireacht iomlán éifeachtach fhóinteach na mban dúchasach a chur chun cinn. Leagfaidh an tAontas béim ar a thábhachtaí atá sé rochtain ar oideachas a chur ar fáil do leanaí dúchasacha ina dteanga agus ina gcultúr féin.
34. Tá sé ríthábhachtach cearta daoine ar de ghrúpaí **mionlaigh** iad a chosaint. Leanfaidh an tAontas de bheith ag iarraidh ar gach stát cearta daonna na ndaoine sin ar de mhionlaigh iad a urramú, a chosaint agus a chomhall, mar a leagtar amach i nDearbhú chearta na ndaoine ar de Mhionlaigh Náisiúnta nó Eitneacha, Reiligiúnacha agus Teanga iad. Cuirfidh an tAontas chun cinn a gceart chun páirt éifeachtach a ghlacadh sa saol cultúrtha, reiligiúnach, sóisialta, eacnamaíoch agus poiblí. Cuirfidh an tAontas i gcoinne gach cineál gríosaithe chun foréigin nó fuatha agus cuirfidh sé i gcoinne na fuathchainte, bíodh sin ar líne nó as líne, agus, ag an am céanna, caomhnóidh sé an ceart chun saoirse tuairimíochta agus saoirse tuairimí a nochtadh a theachtadh ina n-iomláine. Ina theannta sin, leanfaidh an tAontas d'aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna a bhaineann le mionlaigh i ngach fóram ábhartha.

35. Leanfaidh an tAontas de bheith ag tacú le bearta chun aghaidh a thabhairt ar thionchar **an athraithe aeráide**, chailliúint na bithéagsúlachta, an truailithe agus dhíghrádú an chomhshaoil ar theachtadh iomlán chearta uile an duine. Tá cur chuige atá bunaithe ar chearta an duine den rithábacht chun na feiniméin sin a chomhrac go rathúil. Cuirfidh an tAontas ról tábhachtach chosantóirí chearta an duine i réimse an chomhshaoil agus daoine dúchasacha chun cinn i ndáil leis an méid sin. Glacfaidh an tAontas páirt ghníomhach sa phlé maidir le ceart an duine chun comhshaoil ghlain, shláintiúil agus inbhuanaithe agus cuirfidh sé an cuimsiú agus an neamh-idirdhealú chun cinn sa chomhthéacs sin. Beidh an tAontas gníomhach ó thaobh rúin na Náisiún Aontaithe maidir leis an nasc idir cearta an duine, an aeráid agus an comhshaol, lena n-áirítear i bhfianaise thoradh COP 28.
36. Athdhearbhóidh an tAontas go bhfuil sé tiomanta na trí ghné de Chlár Oibre 2030 a chur chun feidhme ina n-iomláine. Athdhearbhóidh an tAontas a sheasamh gur réamhchoinníoll don fhorbairt chuimsitheach agus inbhuanaithe é fíorú iomlán chearta uile an duine. Den mheon sin, leanfaidh an tAontas den rannchuidiú le cur chun feidhme Chlár Oibre 2030 trí chur chuige atá bunaithe ar chearta an duine a chur i bhfeidhm i leith an chomhair um fhorbairt, gan aon duine a fhágáil ar lár ag an am céanna. Cuireann an cur chuige sin leis an **gceart chun forbartha** mar atá fréamhaithe i gcineál uilíoch, dodhealaithe, idirghaolmhar, idirspleách chearta uile an duine, ar cearta iad a threisiú a chéile, agus léiríonn sé gur ag daoine aonair a bhíonn na cearta agus gur ar an stáit a bhíonn na dualgais. I ndáil leis an bpróiseas chun ionstraim atá ceangailteach ó thaobh dlí a dhréachtú maidir leis an gceart chun forbartha, leanfaidh an tAontas de pháirt a ghlacadh ann gan dochar dá sheasamh deiridh chun go mbeidh an dréacht-téacs ag teacht go hiomlán leis na noirm idirnáisiúnta i ndáil le cearta an duine.

37. Leanfaidh an tAontas den chomhar le hOifig an Ard-Choimisinéara um Chearta an Duine (OHCHR) agus le Meitheal na Náisiún Aontaithe maidir le **Gnó agus Cearta an Duine**, chun cur chun feidhme Phrionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe maidir le Gnó agus Cearta an Duine a chur chun cinn ar fud an domhain. Leanfaidh sé de thacú le glacadh Pleananna Gníomhaíochta Náisiúnta sna Ballstáit agus sna tíortha comhpháirtíochta agus de chreat cuimsitheach de chuid an Aontais a fhorbairt chun Prionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe a chur chun feidhme, agus Treochlár na Náisiún Aontaithe maidir le Prionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe á ghlacadh mar thagairt do chúrsaí gnó agus cearta an duine sa deacáid seo romhainn. Neartóidh an tAontas a rannpháirtíocht i bhfóraim na Náisiún Aontaithe lena léireofar forbairtí reachtacha agus forbairtí eile san Aontas, go háirithe forbairtí a bhaineann le dícheall cuí maidir le hinbhuanaitheacht chorparáideach, mar bhonn do rannpháirtíocht i gcaibidlíocht na Náisiún Aontaithe i ndáil le hionstraim maidir le gnó agus cearta an duine a bheidh bunaithe ar chomhthoil agus a bheidh ceangailteach ó thaobh dlí de, chun cosaint íospartach a fheabhsú agus cothrom iomaíochta a chruthú ar fud an domhain.
38. Is bagairt thromchúiseach ar an tsíocháin agus an tslándáil iad an sceimhlitheoireacht, an t-antóisceachas foréigneach agus an choireacht eagraithe. Níor cheart do chomhrac na sceimhlitheoireachta cearta an duine, saoirsí bunúsacha ná an dlí daonnúil idirnáisiúnta a shárú. Iarrann an tAontas ar gach stáit a áirithiú go mbeidh an dlí idirnáisiúnta á chomhlíonadh go hiomlán ag an bhfreagairt ar an sceimhlitheoireacht agus ar an gcoireacht eagraithe. Ní mór imscrúdú agus ionchúiseamh cásanna **sceimhlitheoireachta** a bheith i gcomhréir leis an smacht reachta agus leis an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine, lena gcuirtear cearta na n-íospartach i lár an aonaigh.

39. Cuirfidh an tAontas dlús leis an ngníomhaíocht chun seasamh leis an dlí idirnáisiúnta i ndáil le dídeanaithe, daoine easáitithe ina dtír féin agus imircigh, agus aird ar leith á tabhairt ar dhaoine atá i staideanna leochaileacha. Leanfaidh an tAontas de dheiseanna a chur ar fáil le haghaidh conairí dlíthiúla imirce agus na hinniúlachtaí náisiúnta á n-urramú go hiomlán ag an am céanna, agus leanfaidh sé de bheith ag iarraidh ar gach stát an gháinneáil ar dhaoine agus smuigleáil daoine a chosc, íospartaigh a chosaint agus feacht a mhéadú i measc daoine a d'fhéadfadh a bheith ina n-íospartaigh, cur chuige inscne-fhreagrúil agus íogair ó thaobh leanaí de a choinneáil, agus ionchúiseamh éifeachtach a áirithiú do dhéantóirí na coire. Leanfaidh an tAontas de na hionsaithe hibrídeacha a cháineadh go géar, lena n-áirítear an ionstraimiú státurraithe atá á dhéanamh ar imircigh ag tríú tíortha chun críoch polaitiúil, agus oibreoidh sé chun na gníomhaíochtaí sin a chomhrac, agus cearta an duine agus an dlí idirnáisiúnta á n-urramú go hiomlán aige.
40. Iarrfaidh an tAontas ar na comhpháirtithe uile **oibriú i gcomhar lena chéile chun cearta an duine a chaomhnú agus a chur chun cinn** ar fud an domhain agus comhpháirtíochtaí níos láidre a thógáil. Tá an tAontas suite de go mbainfidh tairbhí iomadúla do na geallsealbhóirí uile le cearta an duine a chur chun cinn, a chosaint agus a chomhlíonadh, lena n-áirítear san fhorbairt inbhuanaithe, sa tsíocháin agus sa tslándáil agus sochaithe atá comhionann, éagsúil, iolraíoch agus cuimsitheach a chur chun cinn.
-